# FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

## Fógra de bhun Airteagal 13 de Threoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hatheagrú agus foirceannadh institiúidí creidmheasa a bhaineann le leachtú agus foirceannadh *Cyprus Popular Bank Public CO LTD* (Institiúid creidmheasa de chuid na Cipire atá faoi leachtú) (an "Chuideachta") ina dhiaidh sin

(2022/C 238/08)

**Oifig Chláraithe: 134 Limassol Avenue, 3rd Floor, 2015, Strovolos, Nicosia, An Chipir**

De bhun an chinnidh ó Chúirt Dhúiche Nicosia arna eisiúint an 31 Bealtaine 2022 i ndáil le hiarratas uimh. 1/2021 arna chomhdú ag Banc Ceannais na Cipire faoi fhorálacha airteagal 33B den Dlí um Ghnó na nInstitiúidí Creidmheasa, 66(I)/97, arna leasú, eisíodh na horduithe cúirte chun an Chuideachta a leachtú agus mé a cheapadh mar leachtaitheoir, i gcomhréir le forálacha airteagal 33B den Dlí um Ghnó na nInstitiúidí Creidmheasa, 66(I)/97, arna leasú.

Déanfar gach fógrán ábhartha i ndáil leis an leachtú ar an suíomh gréasáin seo a leanas

https://www.ips-docs.com/case/22WUC009CYP/Gn8@pXmv

Avgoustinos PAPATHOMAS

*Leachtaitheoir*

Gníomhaíonn an leachtaitheoir mar ionadaí na Cuideachta, gan aon dliteanas pearsanta